

## *Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin*

# **Beartas an Chlársceidealaithe do Dhánlann Bhardasach 2016–2022**

Is é atá d'aidhm leis an gclár atá ag an Dánlann Bhardasach in dlr LexIcon deiseanna a thabhairt do dhaoine cibé cén aois iad taithí a fháil ar na healaíona mar lucht cruthaitheachta, lucht féachana agus rannpháirtithe. Is iad na cuairteoirí chun na leabharlaine, cónaitheoirí dlr, turasóirí/turasóirí lae agus daoine áitiúla a bhíonn ag gabháil do na healaíona na daoine a bhfuiltear ag díriú orthu.

Is éard a bheidh i gceist le gach clár taispeántais don dánlann go mbeidh saothair ealaíne sa spás dánlainne agus go mbeidh clár foghlama ann agus go ndéanfar iad a phleanáil agus a cheapadh le hais a chéile. Gheobhaidh cuairteoirí deis cur agus cúiteamh a dhéanamh faoi na saothair a bheidh ar taispeántas agus dul ina dtaithí tríd an gclár foghlama. Mar shampla bheadh cainteanna bunaithe ar ábhair an chláir, ceardlanna praiticiúla agus tionscadail shaincheaptha a dhéanfaí i gcomhar le grúpaí pobail áitiúil san áireamh. Beidh deiseanna do chách ag gabháil leis an gclár foghlama, ó thosaitheoirí go dtí na daoine sin a bhfuil eolas níos forleithne acu ar na healaíona.

Is baill foirne de chuid na hOifige Ealaíon a mbeidh saineolas acu ar na healaíona an fhoireann a dhéanfaidh an clársceidealú le haghaidh na gclár taispeántais. Rachfar i gcomhairle le coimeádaithe, ealaíontóirí, comhpháirtithe cultúrtha, forais chultúir náisiúnta, príomheagraíochtaí comhpháirtíochta agus saineolaithe san oideachas do na healaíona de réir mar is gá.

Faoin gclár bliantúil éagsúil, a bheartófar suas le hocht mí dhéag roimh ré, féachfar le raon páirtithe leasmhara, agus na daoine agus na pobail ar spéis leo é, a rannpháirtiú. Beidh meascán de shamhlacha dánlainne seanbhunaithe de chláir taispeántais choimisiúnaithe ina ndíreofar ar an gContae, ar an gcultúr a bhaineann leis agus ar mhórtas áite i gceist leis an gclársceidealú, chomh maith le taispeántais a gcuirfí spéis iontu ar fud na tíre agus a dtabharfaí ar a gcamchuairt agus taispeántais ag éirí as gairmeacha oscailte, chun cur ar chumas ealaíontóirí smaointe do thaispeántais a mholadh lena roghnú ag ealaíontóirí comhchéime. Iarrfar tairiscint ar aighneachtaí poiblí gach bliain agus beidh deiseanna ag éirí as gairmeacha oscailte léi. Fógrófar iad seo go forleathan. Is painéal de roghnóirí comhchéime (ealaíontóirí, coimeádaithe agus baill foirne de chuid na hOifige Ealaíon) a roghnóidh na taispeántais a éireoidh as gairmeacha oscailte. Ní ghlacfar le moltaí taispeántais nár iarradh.

Príomhacmhainn bhonneagair le haghaidh na n-ealaíon áitiúil a bheidh sa Dánlann do dhaoine a ghabhann do na healaíona ar bhonn gairmiúil i nDún Laoghaire-Ráth an Dúin, agus féadfaidh an Chomhairle leas a bhaint aisti chun tabhairt faoi thaispeántais, comhpháirtíocht chruthaitheach, líonrú, cistiú agus forbairt ghairmiúil. Tá sé d'aidhm leis an gclár a mbeidh teacht agus tóir air a bheith chomh tarraingteach céanna don chónaitheoir áitiúil is a bheidh don turasóir chun na háite. Bunófar stiúradh an bheartais do chláir don dánlann amach anseo ar thaighde orthu siúd a bhain leas aisti, ar na figiúirí tinrimh don dánlann agus ar chomhairliúcháin leanúnach leis na páirtithe leasmhara ábhartha.

Is ar bhonn neamhthráchtála a fheidhmeoidh an Dánlann, agus ní fhéadfar í a fháil ar cíós do thaispeántais.